
# Ag ordú
# Sa bhialann

**Meaitseáil an foclóir seo a leanas leis na híomhánna cearta. Scríobh an focal ceart in aice leis an íomhá cheart.**

**freastalaí bille cupán biachlár béile buidéal gloine**



# Ag ordú
# Tuairim v tairiscint

1. **Léigh na ceisteanna seo a leanas. Athscríobh na ceisteanna faoin teideal cuí - *Tuairim* nó *Tairiscint*.**

   **a.** Ar mhaith leat cupán caife?
   **b.** An maith leat spórt?
   **c.** Ar mhaith leat dinnéar?
   **d.** An maith leat seacláid?
   **e.** An maith leat tae?
   **f.** Ar mhaith leat cupán tae?
   **g.** Ar mhaith leat tósta?
   **h.** An maith leat arán donn?

| **Tuairim** | **Tairiscint** |
|---|---|
| | |

2. Cum ceithre cheist cosúil leis na cinn thuasluaite. Cuir na ceisteanna ar do pháirtnéir. Beidh air na ceisteanna a fhreagairt sa bhealach cuí. Éist go géar lena fhreagraí.

   a. ______________________________________________
   b. ______________________________________________
   c. ______________________________________________
   d. ______________________________________________

   Ansin, cuirfidh sé ceisteanna ortsa. Tabhair an freagra ceart dó. Féach air seo mar chabhair:

   Cad iad na freagraí ar an dá cheist seo:

   **An maith leat?** **Ar mhaith leat?**

   An féidir leat smaoineamh ar aon slí chun cabhrú leat cuimhneamh ar an difríocht idir an dá cheist agus an dá fhreagra? Bí ag obair le do pháirtnéir.